Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**6096/22**

**FIN 140**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste um an mBuiséad |
| Ábhar: | Meastachán ar chaiteachas agus ar ioncam don bhliain airgeadais 2023 don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle (Roinn II de Bhuiséad an Aontais) - Meabhrán míniúcháin |

## I. RÉAMHRÁ

1. Déanfar an nós imeachta buiséadach don bhliain airgeadais 2023 i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[1].

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28).

Sna dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis na treoirlínte buiséid do 2023 a d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an 23 Feabhra 2022 agus a bheidh le formheas ag Comhairle ECOFIN an 15 Márta 2022, cuirtear i bhfios gur cheart d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus do ghníomhaireachtaí uile an Aontais smacht buiséadach a choimeád agus béim a leagan ar an ngá atá ann míreanna caiteachais a mheastar a bheith riachtanach, agus iad sin amháin, a bhuiséadú. Meabhraítear go bhfuil an uasteorainn do cheannteideal 7 den Chreat Ilbhliantúil Airgeadais (CAI) 2021-2027[2] bunaithe ar an mbonn go nglacann institiúidí uile an Aontais cur chuige cuimsitheach spriocdhírithe chun líon na foirne a chobhsú agus chun caiteachas riaracháin a laghdú.

2. Rinneadh an creat ginearálta idirinstitiúideach chun na tograí don dréachtbhuiséid (DB) 2023 a mhionsaothrú a leagan síos sna litreacha ón gCoimisiún dar dáta 2/12/2021 agus 21/12/2021, áit a n-iarrtar ar na hinstitiúidí uile a meastacháin a ullmhú bunaithe ar na treoirlínte seo a leanas:

– an méid seo a áireamh chun luach saothair na foirne a choigeartú: +4,3 % amhail ón 01/07/2022, +1,1 % amhail ón 01/04/2023, agus +2,6 % amhail ón 01/07/2023, tar éis an clásal eisceachta maidir le coigeartú ar thuarastail na bliana 2020 a bheith curtha i bhfeidhm a raibh mar thoradh air gur cuireadh an uasdátú ar fionraí go sealadach,

– díriú ar bheartas foirne cobhsaí,

– díriú ar an méadú ar an gcaiteachas uile nach mbaineann le tuarastal a theorannú go dtí uasmhéid 2 % i gcomparáid le leibhéal 2022.

Chuir an Coimisiún réamhaisnéis boilscithe 1,6 % in iúl i gcás na Bruiséile agus 1,8 % i gcás Lucsamburg don tréimhse Nollaig 2022 go Nollaig 2023.

2 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

3. Agus na treoirlínte sin á gcur san áireamh, tá togra mionsaothraithe ag Ardrúnaíocht na Comhairle (an Ardrúnaíocht) do mheastacháin DB 2023 don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle (Roinn II de bhuiséad an Aontais).

Ba é cuspóir ginearálta an togra gan dul níos mó ná 2 % i dtéarmaí ainmniúla os cionn leibhéal bhuiséad 2022 do chaiteachas nach mbaineann le tuarastail, i gcomhréir dhlúth leis an teorainn arna leagan síos ag an gCoimisiún.

Tugadh cúiteamh, aon uair is féidir, do mhéadaithe a bhaineann le hoibleagáidí reachtúla nó conarthacha, nó i bhfearainn a mheastar a bheith riachtanach d'fheidhmiú cuí na hArdrúnaíochta, trí ghníomhaíochtaí áirithe a chur in ord tosaíochta agus a athchlárú agus cur chun feidhme an bhuiséid le blianta beaga anuas á chur san áireamh.

Mar thoradh air sin, molann an Ardrúnaíocht meastacháin DB2023 de EUR 641,9 milliún. Is ionann an méid sin agus méadú iomlán de EUR 30,4 milliún nó 5,0 % i gcomparáid le buiséad 2022 a vótáladh.

Is ionann caiteachas a bhaineann le tuarastail agus EUR 390,4 milliún, méadú EUR 25,4 milliún nó 7,0 % agus is ionann caiteachas nach mbaineann le tuarastail agus EUR 251,5 milliún, le méadú EUR 5,0 milliún nó 2,0 % i gcomparáid le 2022.

I dTábla 1, leagtar amach an moladh do bhuiséad 2023 de réir catagóire. Leagtar amach i mír II thíos barúlacha níos mionsonraithe ar fhorbairt gach catagóire.

**Tábla 1: Togra le haghaidh dréachtbhuiséad CE/C do 2023 (de réir catagóire, EUR)**

| Caibidil / airteagal / mír | Catagóir caiteachais | Buiséad 2022 | DB 2023 | Difríocht | san Athrú 2023/2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 | 2 | 3=2-1 | 4=3/1 |
| 10 | Comhalta den Institiúid (Uachtarán) | 1.984.500 | 2.011.000 | 26.500 | 1,3% |
| 11 | An fhoireann reachtúil (Plean bunaíochta) | 354.837.746 | 379.821.268 | 24.983.522 | 7,0% |
| 12 | Foireann eile agus seirbhísí seachtracha | 14.662.000 | 15.527.000 | 865.000 | 5,9% |
| 13 | Caiteachas eile a bhaineann leis an bhfoireann | 12.231.000 | 12.449.000 | 218.000 | 1,8% |
| **TEIDEAL 1** | **Daoine atá ag obair leis an Institiúid** | **383.715.246** | **409.808.268** | **26.093.021** | **6,8%** |
| 200, 201 | Foirgnimh | 57.527.560 | 59.203.000 | 1.675.440 | 2,9% |
| 210 | Córais ríomhaireachta | 48.115.000 | 53.073.000 | 4.958.000 | 10,3% |
| 211 | Troscán | 981.000 | 1.051.000 | 70.000 | 7,1% |
| 212 | Trealamh teicniúil | 6.891.000 | 3.577.000 | -3.314.000 | -48,1% |
| 213 | Iompar | 2.550.000 | 2.080.000 | -470.000 | -18,4% |
| 2200 | Speansais taistil na dtoscaireachtaí | 15.505.000 | 15.505.000 | 0 | 0,0% |
| 2202 | Costais ateangaireachta | 80.000.000 | 80.000.000 | 0 | 0,0% |
| 2201, 2203, 2204, 2205 | Cruinnithe agus comhdhálacha | 6.490.000 | 7.090.000 | 600.000 | 9,2% |
| 2210, 2212, 2213 | Faisnéis | 8.291.250 | 9.104.000 | 812.750 | 9,8% |
| 223 | Speansais ilghnéitheacha | 1.407.500 | 1.372.000 | -35.500 | -2,5% |
| **TEIDEAL 2** | **Foirgnimh, trealamh agus caiteachas oibriúcháin** | **227.758.310** | **232.055.000** | **4.296.690** | **1,9%** |
| **TEIDEAL 10** | **Cúlchiste** | **p.m** | **p.m** | **n/a** | **n/a** |
| **BUISÉAD IOMLÁN** | | **611.473.556** | **641.863.268** | **30.389.711** | **5,0%** |
| | **Caiteachas a bhaineann le tuarastail** | **364.994.746** | **390.402.268** | **25.407.521** | **7,0%** |
| | **Caiteachas nach mbaineann le tuarastail** | **246.478.810** | **251.461.000** | **4.982.190** | **2,0%** |
| **BUISÉAD IOMLÁN** | | **611.473.556** | **641.863.268** | **30.389.711** | **5,0%** |

## II. <u>BARÚLACHA DE RÉIR CATAGÓIRE CAITEACHAIS</u>

1. Comhalta den Institiúid, Uachtarán (Caibidil 10)

Is mar gheall ar chostais taistil ionchasacha den chuid is mó an t-athrú measartha ar na leithreasaí a bhaineann le feidhm Uachtarán na Comhairle Eorpaí (+1,3 %).

2. Oifigigh agus foireann shealadach (Caibidil 11)

Is iad na tosca seo a leanas, den chuid is mó, a chinneann an t-athrú + 7% (EUR 25 milliún) ar leibhéal na leithreasuithe do na ceannteidil buiséid a bhaineann leis an bplean bunaíochta:

a) Coigeartú tuarastail

Léiríonn an coigeartú tuarastail (+ EUR 18,6 milliún) an treoir ón gCoimisiún a leagtar amach faoi I. 2 thuas. Beidh an céatadán deiridh do choigeartuithe 2022 agus 2023 ar fáil i mí na Nollag 2022 agus i mí na Nollag 2023 faoi seach.

b) Feabhas a chur ar an ráta fostaíochta sa phlean bunaíochta

Measann an Ardrúnaíocht go mbeidh ráta fostaíochta 2023 cothrom le 97,5 % ar an meán. Is ionann sin agus laghdú 1,5 pointe céatadáin ar ráta comhréidh, rud a fhágann go bhfuil méadú EUR 5,9 milliún ann i gcomparáid leis an mbuiséad a cuireadh ar fáil in 2022, mar thoradh ar nósanna imeachta earcaíochta níos éifeachtúla.

Ag leanúint le hiarrachtaí na bliana roimhe próifílí foirne a chur in oiriúint do riachtanais fostaíochta atá ag athrú, tá sé beartaithe 5 phost AST a aistriú go 5 phost AD agus 10 bpost AST a aistriú go 10 bpost SC.

3. Foireann eile agus seirbhísí seachtracha (Caibidil 12)

Baineann an t-athrú iomlán de 5,9 % (EUR 0,9 milliún) ar leithreasaí sa chaibidil seo den chuid is mó leis na coigeartuithe tuarastail measta in 2022 agus 2023 (+ EUR 0,1 milliún) agus leis an iarraidh ar naoi gcoibhéis lánaimseartha (FTE) breise den fhoireann chonarthach (+ EUR 0,6 milliún). Tá údar leis an méid deireanach sin i ngeall ar an ngá atá le féidearthachtaí earcaíochta sealadacha níos solúbtha i bhfianaise na gníomhaíochta reachtaí atá ag dul i méid (Iarscríbhinn III).

Tagann méadú 3,0 % (+ EUR 0,04 milliún) ar an mbuiséad a bhaineann leis na Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht. Faoi mar a rinneadh sna blianta roimhe sin, tá buiséad ann do 22 SNI ar FTE.

4. Caiteachas eile a bhaineann le daoine atá ag obair leis an institiúid (Caibidil 13)

Tagann méadú 1,8 % (+ EUR 0,2 milliún) ar an mbuiséad don chaibidil seo. Is mar gheall ar mhíreanna 1320 (*Seirbhís leighis*), 1322 (*naíolannaí agus saoráidí cúraim leanaí*) agus 1323 (*Comhar idirinstitiúideach i réimse na bainistíochta foirne*) an méadú sin den chuid is mó. Comhfhreagraíonn sé do riachtanais mhéadaithe sa tástáil leighis agus do thacaíocht do chruinnithe ardleibhéil agus do chruinnithe mullaigh, agus do na costais níos airde a bhaineann le seirbhísí cúraim leanaí a chuireann an Coimisiún ar fáil agus a ghearrtar ar an gComhairle, atá neodrach ó thaobh buiséid de ar leibhéal bhuiséad an Aontais.

5. Foirgnimh agus costais ghaolmhara (Caibidil 20)

   a) Foirgnimh (Airteagal 200)

   Tá méadú 1.0 % (EUR 0,09 milliún) ag teacht ar an mbuiséad d’fheidhmiú na bhfoirgneamh. Baineann an méadú sin le riachtanais bhreise do staidéir ar fhoirgnimh ag eascairt as an reachtaíocht chomhshaoil is infheidhme maidir le punann foirgneamh na Comhairle.

b) Costais a bhaineann le foirgnimh (Airteagal 201)

Tá méadú 4,0 % (EUR 1,6 milliún) ar an mbuiséad iomlán le haghaidh costais oibríochta agus cothabhála na bhfoirgneamh, ag eascairt den chuid is mó as praghsanna níos airde ar ghás agus leictreachas (EUR 0,8 milliún), costais níos airde ar sheirbhísí cothabhála (EUR 0,7 milliún) agus ar rialuithe rialála (EUR 0,06 milliún).

6. Córais ríomhaireachta, trealamh agus troscán (Caibidil 21)

a) Caiteachas TF (Airteagal 210)

Tagann méadú 10,3 % (EUR 5,0 milliún) ar an mbuiséad do TF, as a gcomhfhreagraíonn EUR 2,8 milliún d'aistriú atá neodrach ó thaobh buiséid ó airteagal 212 'Trealamh teicniúil agus suiteáil' (féach freisin pointe c). Is mar gheall ar na costais bhreise a bhaineann leis na hinfheistíochtaí tábhachtacha a rinneadh i mbonneagar TF mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 cuid mhór den mhéadú atá fágtha.

b) Troscán (Airteagal 211)

Tá méadú 7,1 % (EUR 0,07 milliún) tagtha ar an mbuiséad le haghaidh troscán a fháil ar cíos agus a athnuachan i gcomparáid le 2022. Freagraíonn an méadú sin don ghéarghá atá le hathnuachan na stoc reatha atá ídithe, a bheag nó a mhór.

c) Trealamh agus suiteáil theicniúil (Airteagal 212)

Tá méadú 48,1 % (EUR 3,3 milliún) tagtha ar an mbuiséad d'athsholáthar agus a athnuachan trealamh agus suiteáil theicniúil i gcomparáid le 2022. Is é is cúis den chuid is mó leis an laghdú sin ná aistriú atá neodrach ó thaobh buiséid de EUR 2,8 milliún chuig airteagal 210 'caiteachas TF' d'fhonn barr feabhais a chur ar bhainistiú trealaimh chlosamhairc agus é a dhéanamh níos éifeachtúla.

d) Iompar (Airteagal 213)

Tagann laghdú 18,4 % (EUR 0.5 milliún) ar an mbuiséad don airteagal seo i ngeall ar riachtanais níos ísle do chruinnithe mullaigh iltaobhacha ná mar a bhí in 2022.

7. Caiteachas oibriúcháin (Caibidil 22)

a) Speansais taistil na dtoscaireachtaí (Mír 2200)

Tá an buiséad le haghaidh speansais taistil na dtoscaireachtaí gan athrú i gcomparáid le 2022.

b) Ateangaireacht (Mír 2202)

Tá an buiséad foriomlán don ateangaireacht gan athrú i gcomparáid le 2022, de bharr an ráta cur chun feidhme a bhí ann san am a chuaigh thart agus de bharr chur chun feidhme an imchlúdaigh theicniúil dá bhforáiltear i gcinneadh 54/2018. Rinneadh coigeartú ar na himchlúdaigh teanga ar iarratas, áfach, le méadú 4,2%.

Déantar miondealú ar an togra maidir le hateangaireacht mar seo a leanas:

– EUR 32,8 milliún d’ateangaireacht ghinearálta lena n-áirítear teagmhais,

– EUR 47,2 milliún do chlúdaigh ar iarraidh (EUR 2,05 milliún/clúdach).

c) Cruinnithe agus comhdhálacha (Míreanna 2201, 2203, 2204, 2205)

Tá méadú 9,2 % (EUR 0,6 milliún) tagtha ar an mbuiséad do chruinnithe agus do chomhdhálacha, i.e. lónadóireacht agus caiteachas gaolmhar riaracháin, i gcomparáid le 2022 chun freastal ar riachtanais cruinnithe bunaithe ar leibhéil réamh-phaindéime.

d) Faisnéis (Airteagal 221)

Baineann an méadú 9,8 % (EUR 0,8 milliún) den chuid is mó le riachtanais mhéadaithe i ngníomhaíochtaí closamhairc agus digiteacha, mar thoradh ar iarrataí ó pháirtithe leasmhara.

e) Speansais ilghnéitheacha (Airteagal 223)

Tagann laghdú 2,5 % (+ EUR 0,04 milliún) ar an mbuiséad don airteagal seo. Baineann an laghdú le costais dlí atá beagán níos ísle.

8. Tá faisnéis níos mionsonraithe ar fáil sna hiarscríbhinní:

Iarscríbhinn I: Meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas don bhliain airgeadais 2023

Iarscríbhinn II: Plean bunaíochta 2023

Iarscríbhinn III: Faoi mar ar athraigh líon na foirne seachtraí agus an chaiteachais ar ‘foireann sheachtrach’

## Meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas don bhliain airgeadais 2023 Roinn II - An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle

| Mír | Tuairisc | Olltoradh 2021 | Buiséad 2022 | DB 2023 | % 2023/2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| **TEIDEAL 1 - Daoine atá ag obair leis an Institiúid** | | | | | |
| 1000 | Buntuarastal | 347.195 | 375.000 | 395.000 | 5% |
| 1001 | Teidlíochtaí na foirne a bhaineann leis an bpost arna shealbhú | 70.894 | 76.500 | 81.000 | 6% |
| 1002 | Teidlíochtaí na foirne a bhaineann le cúinsí pearsanta | 22.255 | 30.000 | 38.000 | 27% |
| 1003 | Cumhdach slándála sóisialta | 13.134 | 17.000 | 19.000 | 12% |
| 1004 | Caiteachas eile bainistíochta | 1.005.659 | 1.276.000 | 1.478.000 | 16% |
| ***100*** | ***Luach saothair agus teidlíochtaí eile*** | ***1.459.137*** | ***1.774.500*** | ***2.011.000*** | **13%** |
| 1010 | Liúntas sealadach | 169.719 | 210.000 | 0 | -100% |
| ***101*** | ***Foirceannadh seirbhíse*** | ***169.719*** | ***210.000*** | ***0*** | **-100%** |
| **Iomlán do Chaibidil 10 - Comhaltaí den Institiúid** | | **1.628.857** | **1.984.500** | **2.011.000,00** | **1%** |
| 1100 | Buntuarastail | 256.799.045 | 265.970.746 | 281.830.268 | 6% |
| 1101 | Teidlíochtaí faoi na Rialacháin Foirne a bhaineann leis an bpost arna shealbhú | 1.467.753 | 1.772.000 | 1.807.000 | 2% |
| 1102 | Teidlíochtaí faoi na Rialacháin Foirne a bhaineann le cúinsí pearsanta an bhaill foirne | 64.985.182 | 66.778.000 | 71.057.000 | 6% |
| 1103 | Cumhdach slándála sóisialta | 10.334.298 | 10.947.000 | 11.646.000 | 6% |
| 1104 | Ualuithe tuarastail | 109.191 | 151.000 | 151.000 | 0% |
| 1105 | Ragobair | 847.327 | 1.285.000 | 1.258.000 | -2% |
| 1106 | Teidlíochtaí faoi na Rialacháin Foirne maidir le dul isteach sa tseirbhís, maidir le haistriú agus maidir leis an tseirbhís a fhágáil | 1.795.000 | 1.895.000 | 1.985.000 | 5% |
| 1107 | Coigeartú bliantúil ar an luach saothair | 0 | 4.026.000 | 7.854.000 | 95% |
| ***110*** | ***Luach saothair agus teidlíochtaí eile*** | ***336.337.795*** | ***352.824.746*** | ***377.588.268*** | **7%** |
| 1110 | Liúntais i gcás scor chun leas na seirbhíse | 1.596.983 | 2.013.000 | 2.233.000 | 11% |
| ***111*** | ***Foirceannadh seirbhíse*** | ***1.596.983*** | ***2.013.000*** | ***2.233.000*** | **11%** |
| **Iomlán do Chaibidil 11 - Oifigigh agus foireann shealadach** | | **337.934.778** | **354.837.746** | **379.821.268** | **7%** |
| 1200 | Foireann eile | 10.669.102 | 11.842.000 | 12.397.000 | 5% |
| 1201 | Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 1.079.388 | 1.281.000 | 1.318.000 | 3% |
| 1202 | Tréimhsí oiliúna | 709.717 | 797.000 | 825.000 | 4% |
| 1203 | Seirbhísí seachtracha | 167.343 | 347.000 | 322.000 | -7% |
| 1204 | Seirbhísí forlíontacha don tseirbhís aistriúcháin | 213.152 | 250.000 | 406.000 | 62% |
| 1207 | Coigeartú bliantúil ar an luach saothair | 0 | 145.000 | 259.000 | 79% |
| ***120*** | ***Foireann eile agus seirbhísí seachtracha*** | ***12.838.700*** | ***14.662.000*** | ***15.527.000*** | **6%** |
| **Iomlán do Chaibidil 12 - Foireann eile agus seirbhísí seachtracha** | | **12.838.700** | **14.662.000** | **15.527.000** | **6%** |
| 1300 | Caiteachas ilghnéitheach ar earcaíocht | 153.488 | 158.000 | 158.000 | 0% |
| 1301 | Oiliúint bhreise | 2.344.369 | 2.561.000 | 2.518.000 | -2% |
| ***130*** | ***Caiteachas a bhaineann le bainistiú foirne*** | ***2.497.857*** | ***2.719.000*** | ***2.676.000*** | **-2%** |
| 1310 | Deontais cúnaimh speisialta | 4.526 | 25.000 | 25.000 | 0% |
| 1311 | Teagmháil shóisialta idir daoine den fhoireann | 51.688 | 131.000 | 133.000 | 2% |
| 1312 | Cabhair fhorlíontach do dhaoine faoi mhíchumas | 205.470 | 250.000 | 250.000 | 0% |
| 1313 | Caiteachas leasa eile | 71.600 | 72.000 | 74.000 | 3% |
| ***131*** | ***Bearta chun cúnamh a thabhairt d'fhoireann na hinstitiúide*** | ***333.283*** | ***478.000*** | ***482.000*** | **1%** |
| 1320 | Seirbhís leighis | 375.147 | 464.000 | 720.000 | 55% |
| 1322 | Naíolannaí agus saoráidí cúraim leanaí | 2.605.000 | 2.775.000 | 2.956.000 | 7% |
| 1323 | Comhar idirinstitiúideach i réimse an bhainistithe pearsanra | 897.962 | 1.055.000 | 1.260.000 | 19% |
| ***132*** | ***Gníomhaíochtaí a bhaineann le gach duine atá ag obair leis an institiúid*** | ***3.878.109*** | ***4.294.000*** | ***4.936.000*** | **15%** |
| 1331 | Speansais mhisin Ardrúnaíocht na Comhairle | 1.307.302 | 3.240.000 | 2.855.000 | -12% |
| 1332 | Speansais taistil na foirne a bhaineann leis an gComhairle Eorpach | 1.101.678 | 1.500.000 | 1.500.000 | 0% |
| ***133*** | ***Misin*** | ***2.408.980*** | ***4.740.000*** | ***4.355.000*** | **-8%** |
| **Iomlán Chaibidil 13 - Caiteachas eile a bhaineann le daoine atá ag obair leis an institiúid** | | **9.118.230** | **12.231.000** | **12.449.000** | **2%** |
| **IOMLÁN THEIDEAL 1** | | **361.520.566** | **383.715.246** | **409.808.268** | **6,8%** |

## Meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas don bhliain airgeadais 2023
## Roinn II - An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle

| Mír | Tuairisc | Olltoradh 2021 | Buiséad 2022 | DB 2023 | % 2023/2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Teideal 2 - Foirgnimh, trealamh agus caiteachas oibríochtúil** | | | | | |
| 2000 | Cíos | 1.321.993 | 457.000 | 444.000 | -3% |
| 2003 | Obair feistithe agus shuiteála | 10.242.357 | 10.351.000 | 10.171.000 | -2% |
| 2004 | Obair chun áitribh a dhaingniú | 1.437.971 | 2.107.000 | 2.142.000 | 2% |
| 2005 | Caiteachas sula ndéantar foirgnimh a fháil, a thógáil agus a fheistiú | 752.969 | 835.700 | 1.083.000 | 30% |
| ***200*** | ***Foirgnimh*** | ***13.755.291*** | ***13.750.700*** | ***13.840.000*** | **1%** |
| 2010 | Glanadh agus cothabháil | 17.045.094 | 18.335.000 | 19.036.000 | 4% |
| 2011 | Uisce, gás, leictreachas agus téamh | 4.274.000 | 5.492.000 | 6.302.000 | 15% |
| 2012 | Slándáil agus faireachas foirgneamh | 18.006.668 | 18.757.860 | 18.758.000 | 0% |
| 2013 | Uisce, gás, leictreachas agus téamh | 580.843 | 610.000 | 622.000 | 2% |
| 2014 | Caiteachas eile a bhaineann le foirgnimh | 576.349 | 582.000 | 645.000 | 11% |
| ***201*** | ***Costais a bhaineann le foirgnimh*** | ***40.482.954*** | ***43.776.860*** | ***45.363.000*** | **4%** |
| **Iomlán Chaibidil 20 - Foirgnimh agus costais ghaolmhara** | | **54.238.245** | **57.527.560** | **59.203.000** | **3%** |
| 2100 | Trealamh agus bogearraí a fháil | 17.325.144 | 12.285.716 | 14.085.000 | 15% |
| 2101 | Cúnamh seachtrach chun córais ríomhaireachta a oibriú agus a fhorbairt | 31.221.619 | 27.509.685 | 29.376.000 | 7% |
| 2102 | Trealamh agus bogearraí a sheirbhísiú agus a chothabháil | 6.199.738 | 6.964.599 | 8.117.000 | 17% |
| 2103 | Teileachumarsáid | 2.283.930 | 1.355.000 | 1.495.000 | 10% |
| ***210*** | ***Córais ríomhaireachta agus teileachumarsáid*** | ***57.030.431*** | ***48.115.000*** | **53.073.000** | **10%** |
| ***211*** | ***Troscán*** | ***926.209*** | ***981.000*** | ***1.051.000*** | **7%** |
| 2120 | Trealamh agus suiteálacha teicniúla a cheannach agus a athsholáthar | 4.293.372 | 3.769.000 | 2.150.000 | -43% |
| 2121 | Cúnamh seachtrach chun trealamh agus suiteálacha teicniúla a oibriú agus a fhorbairt | 41.845 | 100.000 | 100.000 | 0% |
| 2122 | Trealamh agus suiteálacha teicniúla a fháil ar cíos, a sheirbhísiú, a chothabháil agus a dheisiú | 1.824.186 | 3.022.000 | 1.327.000 | -56% |
| ***212*** | ***Trealamh agus suiteálacha teicniúla*** | ***6.159.402*** | ***6.891.000*** | ***3.577.000*** | **-48%** |
| ***213*** | ***Iompar*** | ***1.367.115*** | ***2.550.000*** | ***2.080.000*** | **-18%** |
| **Iomlán Chaibidil 21 - Córais ríomhaireachta, trealamh agus troscán** | | **65.483.158** | **58.537.000** | **59.781.000** | **2%** |
| 2200 | Speansais taistil na dtoscaireachtaí | 10.150.204 | 15.505.000 | 15.505.000 | 0% |
| 2201 | Speansais taistil ilghnéitheacha | 182.596 | 550.000 | 500.000 | -9% |
| 2202 | Costais ateangaireachta | 19.784.532 | 80.000.000 | 80.000.000 | 0% |
| 2203 | Speansais ionadaíochta | 120.805 | 180.000 | 195.000 | 8% |
| 2204 | Caiteachas ilghnéitheach ar chruinnithe inmheánacha | 2.800.984 | 4.635.000 | 5.305.000 | 14% |
| 2205 | Comhdhálacha agus cruinnithe a eagrú | 373.075 | 1.125.000 | 1.090.000 | -3% |
| ***220*** | ***Cruinnithe agus comhdhálacha*** | ***33.412.196*** | ***101.995.000*** | ***102.595.000,00*** | **1%** |
| 2210 | Caiteachas ar dhoiciméadú agus caiteachas leabharlainne | 2.624.909 | 2.825.000 | 2.885.000 | 2% |
| 2212 | Foilseacháin ghinearálta | 309.601 | 308.000 | 268.000 | -13% |
| 2213 | Faisnéis agus imeachtaí poiblí | 4.595.211 | 5.158.250 | 5.951.000 | 15% |
| ***221*** | ***Faisnéis*** | ***7.529.721*** | ***8.291.250*** | ***9.104.000*** | **10%** |
| 2230 | Soláthairtí oifige | 364.477 | 374.000 | 398.000 | 6% |
| 2231 | Muirir phoist | 50.000 | 50.000 | 35.000 | -30% |
| 2232 | Caiteachas ar staidéir, ar shuirbhéanna agus ar chomhairliúcháin | 0 | 45.000 | 45.000 | 0% |
| 2234 | Aistrithe | 0 | 33.000 | 33.000 | 0% |
| 2235 | Muirir airgeadais | 10.000 | 20.000 | 20.000 | 0% |
| 2236 | Speansais agus costais dlí, damáistí agus cúiteamh | 178.207 | 600.000 | 550.000 | -8% |
| 2237 | Caiteachas oibríochtúil eile | 204.297 | 285.500 | 291.000 | 2% |
| ***223*** | ***Speansais ilghnéitheacha*** | ***806.981*** | ***1.407.500*** | ***1.372.000*** | **-3%** |
| **Iomlán Chaibidil 22 - Caiteachas oibriúcháin** | | **41.748.897** | **111.693.750** | **113.071.000** | **8%** |
| **IOMLÁN THEIDEAL 2** | | **161.470.300** | **227.758.310** | **232.055.000** | **1,9%** |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **BUISÉAD IOMLÁN** | **522.990.866** | **611.473.556** | **641.863.268** | **5,0%** |

# Plean bunaíochta 2023
## Roinn II - An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle

| Buiséad 2022 | | | |
|---|---|---|---|
| Catagóir agus grád | Poist bhuana | Poist shealadacha | |
| | | Uachtarán CE | Eile |
| HC | 1 | 0 | 0 |
| AD 16 | 8 | 1 | 0 |
| AD 15 | 33 [1)] | 1 | 0 |
| AD 14 | 140 [2)] | 2 | 1 |
| AD 13 | 139 | 3 | 0 |
| AD 12 | 193 | 7 | 0 |
| AD 11 | 91 | 2 | 1 |
| AD 10 | 169 | 2 | 0 |
| AD 9 | 256 | 0 | 0 |
| AD 8 | 161 | 0 | 0 |
| AD 7 | 158 | 1 | 0 |
| AD 6 | 85 | 1 | 0 |
| AD 5 | 86 | 0 | 0 |
| Fo-Iomlán AD | 1519 | 20 | 2 |
| AST 11 | 42 | 0 | 0 |
| AST 10 | 46 | 0 | 0 |
| AST 9 | 191 | 7 | 0 |
| AST 8 | 103 | 2 | 0 |
| AST 7 | 145 | 0 | 0 |
| AST 6 | 191 | 0 | 0 |
| AST 5 | 265 | 1 | 0 |
| AST 4 | 188 | 0 | 0 |
| AST 3 | 85 | 2 | 0 |
| AST 2 | 8 | 1 | 0 |
| AST 1 | 20 | 0 | 0 |
| Fo-Iomlán AST | 1284 | 13 | 0 |
| SC 6 | 0 | 0 | 0 |
| SC 5 | 0 | 0 | 0 |
| SC4 | 6 | 0 | 0 |
| SC 3 | 16 | 0 | 0 |
| SC 2 | 68 | 0 | 0 |
| SC 1 | 100 | 0 | 0 |
| Fo-Iomlán SC | 190 | 0 | 0 |
| Iomlán | 2994 | 33 | 2 |
| Méid Foriomlán | 3029 | | |

| Déachtbhuiséid 2023 | | | |
|---|---|---|---|
| Catagóir agus grád | Poist bhuana | Poist shealadacha | |
| | | Uachtarán CE | Eile |
| HC | 1 | 0 | 0 |
| AD 16 | 8 | 1 | 0 |
| AD 15 | 33 [3)] | 1 | 0 |
| AD 14 | 145 [4)] | 2 | 1 |
| AD 13 | 140 | 3 | 0 |
| AD 12 | 208 | 7 | 1 |
| AD 11 | 92 | 2 | 0 |
| AD 10 | 177 | 2 | 0 |
| AD 9 | 263 | 0 | 0 |
| AD 8 | 161 | 0 | 0 |
| AD 7 | 158 | 1 | 0 |
| AD 6 | 70 | 1 | 0 |
| AD 5 | 69 | 0 | 0 |
| Fo-Iomlán AD | 1524 | 20 | 2 |
| AST 11 | 42 | 0 | 0 |
| AST 10 | 49 | 0 | 0 |
| AST 9 | 191 | 7 | 0 |
| AST 8 | 88 | 2 | 0 |
| AST 7 | 148 | 0 | 0 |
| AST 6 | 206 | 0 | 0 |
| AST 5 | 284 | 1 | 0 |
| AST 4 | 180 | 0 | 0 |
| AST 3 | 45 | 2 | 0 |
| AST 2 | 8 | 1 | 0 |
| AST 1 | 28 | 0 | 0 |
| Fo-Iomlán AST | 1269 | 13 | 0 |
| SC 6 | 0 | 0 | 0 |
| SC 5 | 0 | 0 | 0 |
| SC4 | 8 | 0 | 0 |
| SC 3 | 16 | 0 | 0 |
| SC 2 | 71 | 0 | 0 |
| SC 1 | 105 | 0 | 0 |
| Fo-Iomlán SC | 200 | 0 | 0 |
| Iomlán | 2994 | 33 | 2 |
| Méid Foriomlán | 3029 | | |

1) Lena n-áirítear 4 ghníomhaire ar ghrád AD16 ad personam.
2) Lena n-áirítear 7 ngníomhaire ar ghrád AD15 ad personam.
3) Lena n-áirítear 4 ghníomhaire ar ghrád AD16 ad personam.
4) Lena n-áirítear 7 ngníomhaire ar ghrád AD15 ad personam.

**Faoi mar ar athraigh líon na foirne seachtraí agus an caiteachas ar an bhfoireann sin**

| *An Chomhairle* | *An buiséad a vótáladh 2022* | | *Ráiteas ar mheastacháin 2023* | |
|---|---|---|---|---|
| **Cineál foirne** | **Leithreasaí (EUR)** | **Líon measta na FTE (*) ar bhonn na leithreasaí údaraithe** | **Leithreasaí (EUR)** | **Líon measta na FTE (*) ar bhonn na leithreasaí a iarradh** |
| Gníomhairí Conarthacha | 11.674.000 | 223 | 12.230.500 | 232 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 1.281.000 | 22 | 1.318.000 | 22 |
| Gníomhairí Áitiúla | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Intérimaires | 237.000 | 3 | 237.000 | 3 |
| Cúntóirí parlaiminteacha | N/A | N/A | N/A | N/A |
| Iomlán | 13.192.000 | 248 | 13.785.500 | 257 |

* Aonaid coibhéise lánaimseartha